- Uillmhófar **Plean Costáilte Cur chun Feidhme** gach bliain. Doiciméad beo, solúbtha a bheidh ann, a nuashonrófar go rialta le deiseanna, maoiniú agus éabhlóid chruthaitheach tionscadal a chur san áireamh.
- Uillmhófar **Tuarascáil Bhliantúil ar dhul chun cinn** bhearta an Phlean Oidhreachta.
- Déanfar monatóireacht agus measúnú ar **thionchar** bhearta an Phlean Oidhreachta agus déanfar athruithe ar chur chun feidhme an phlean más gá.
- Déanfar **meastóireacht** ag deireadh thréimhse an phlean ag féachaint le torthaí an phlean a chainníochtú.



Plean Oidhreachta Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i gcomhthéacs

An Comhthéacs Eorpach agus Náisiúnta

Tugtar sainmhíniú i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Luach na hOidhreachta Cultúrtha don tSochaí (**Coinbhinsiún Faro, 2005**) ar an oidhreacht chultúrtha mar: “grúpa acmhainní a fuarthas mar oidhreacht ón am atá thart a shainaithníonn daoine, neamhspleách ar úinéireacht, mar léargas agus mar léiriú ar luachanna, creidimh, stór eolais agus traidisiúin a bhíonn ag athrú de shíor. Áirítear léi gach gné den timpeallacht atá ann mar thoradh ar an idirghníomhaíocht idir daoine agus áiteanna le himeacht ama.”

Tugtar sainmhíniú sna **hAchtanna Oidhreachta, 1995 agus 2018** ar an oidhreacht mar: séadchomharthaí, réada seandálaíochta, réada oidhreachta (amhail saothair ealaíne agus thionsclaíocha, cáipéisí agus taifid seanchais), oidhreacht ailtireachta, flóra, fána, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, báid bhriste, geolaíocht, páirceanna agus gairdíní oidhreachta agus uiscebhealaí intíre

Is í **Oidhreacht Éireann 2030** plean oidhreachta náisiúnta nua na hÉireann. Creat comhtháite luachanna, prionsabal agus tosaíochtaí straitéiseacha a bheidh ann, mar aon le gníomhartha a thabharfaidh treoir agus eolas don earnáil oidhreachta as seo go ceann deich mbliana.



Gabhann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin uirthi féin glacadh le cur chuige comhtháite i leith na hoidhreachta agus bearta den Phlean Oidhreachta Contae á ndéanamh. I gcás bearta a mbeidh fócas láidir acu ar an tseandálaíocht, cuir i gcás, caithfear aon bhuntáistí féideartha do líonraí bithéagsúlachta agus éiceolaíochta nó aon tionchair orthu a mheas chomh maith.





Leagfar amach i **bPlean Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, 2022-2028** cuspóirí beartais pleanála spásúla maidir le limistéir chaomhantais ailtireachta, struchtúir chosanta, foirgnimh dhúchasacha, troscán sráide stairiúil, oidhreacht seandálaíochta, gairdíní agus diméinte stairiúla, oidhreacht thionsclaíoch, oidhreacht chósta, cearta slí poiblí agus bealaí rochtana áineasa.

Is i **bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, 2020-2024** a leagtar amach na spriocanna don tréimhse sin. Tá roinnt cuspóirí ann a bhaineann le hoidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha an Chontae a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú.

Leagtar amach i **bPlean Gníomhaíochta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin um an Athrú Aeráide, 2019-2024** gníomhartha maolaithe agus oriúnaíthe mar chuid den troid dhomhanda le teorainn a chur le héifeachtaí an athraithe aeráide agus le dul i dtaití orthu.


Leagfar amach i **bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, 2021-2025** an chaoi a bhfaighimid tuiscint ar éagsúlacht na beatha plandúla agus ainmhíche i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus an chaoi a rachaimid i gcomhar le chéile leis an éagsúlacht sin a bhainistiú, a chosaint agus a fheabhsú sna cúig bliana amach romhainn.

Díríonn an Plean Oidhreachta Contae seo ar oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha.

Is éard is **Oidhreacht Chultúrtha** ann ná gach gné den timpeallacht atá ann mar thoradh ar an idirghníomhaíocht idir daoine agus áiteanna le himeacht ama. Áiritear léi **oidhreacht inláimhsithe** (fisiciúil), amhail foirgnimh, seandálaíochta, cáipéisí agus struchtúir, chomh maith le hoidhreacht **dholáimhsithe**, amhail ceol, teanga, ceardaíocht agus spórt.

Is éard is **Oidhreacht Nádúrtha** ann ná tírdhreach, muirdhreach agus páirceanna stairiúla, chomh maith le foirmíochtaí fisiciúla, bitheolaíocha agus geolaíocha.

Ár Bhfís



Plean do na
daoine go léir
atá ina gcónaí
anseo

Tá an oidhreacht in aice
láimhe agus is féidir le
gach duine tairbhe a
bhaint aisti

Tá go leor cineálacha
éagsúla oidhreachta inár
gcontae, agus glacaimid
le **dearcthaí difriúla**

Tugaimid **cuireadh do**
chách taitneamh a bhaint
as an oidhreacht áitiúil



Acmhainn a
thógáil ar fud
na hearnála
oidhreachta

Tacú le **cumhacht na**
ndaoine – tacú leis an
earnáil oidhreachta i nDún
Laoghaire-Ráth an Dúin

Dul i gcomhar le
go n-éireoidh leis –
comhoibriú agus
nascadh

Tionscnamh faoi **stiúir an**
phobail/saineolaithe a
chumasú



Rudaí a bhuil
tábhacht leo a
chosaint agus
athruithe a bhainistiú
go diongbhálte

Aire a thabhairt dá
bhfuilimid ag iarraidh a
thabhairt ar aghaidh don
chéad ghlúin eile

A chinntíú go mbíonn
gach faisnéis agus
acmhainn is gá
againn le haghaidh na
dea-bhainistíochta
oidhreachta

Gníomhú ar son na
haeráide a chur san
áireamh i ngach gné dár
gcuid oibre

Ár 7 réimse fócais



Céard é an scéal?

An áit agus an chaoi a n-inseoimid scéalta na háite seo



Ár n-áit sa stair

An chaoi a ndéanaimid cúram de rudaí a bhfuil tábhacht leo agus an chaoi a mbainistímid athruithe



Grá don am i láthair

Tuiscint a fháil ar a bhfuil ar leac an dorais againn, bealaí rochtana a chur ar fáil



Bealaí nua maireachtála

Dul in oiriúint d'fhírinneí an 21ú haois agus gníomhú ar son na haeráide a chur san áireamh



Guthanna na háite

Na fuaiméanna ar leith a chloistear i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin a cheiliúradh



Ar an taifead

An chaoi a gcoinneoimid síul ar fhaisnéis agus oidhreacht dhoiciméadach agus an chaoi gcinnteoimid rochtain éasca orthu. An chaoi a gcuimhneoimid ar rudaí agus na rudaí a gcuimhneoimid orthu



Tús luath, fiosrach ar feadh an tsaoil

An ghlúin nua a spreagadh, agus iad a choinnéail spreagtha



*Ní rud socraithe, gan athrú
é an t-am atá thart, is rud
oscailte, gníomhach é*

Cáitlín DeSilvey, Tíreolaí Cultúrtha



01 Céard é an scéal?

An áit agus an chaoi a n-inseoimid scéalta na háite seo

1.1

Cur chuige comhordaithe a ghlacadh ar fud an chontae i leith scéal na ndaoine agus na n-áiteanna a insint

Actions	Outcomes
<p>1.1.1 Creat Léirmhínithe a fhorbairt chun bonn a chur faoin áit agus faoin gcaoi a n-insímid scéalta an chontae agus chun treoir a thabhairt do thionscadail de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus do thionscadail faoi stiúir an phobail. Ar chineálacha cur chuige digiteacha, cruthaitheacha, treoraithe a leagfar an bhéim, amhail podchraoltaí, conairí amuigh faoin aer (idir shealadach agus bhuan), an léirmhiniú atá ann cheana a fheabhsú, príomhdheartchaí a cheiliúradh agus suíomh gnéithe oidhreachta agus rochtain orthu a fheabhsú trí chomhfhorbairt áite agus treoshuíomh.</p>	<p>✓ Cur chuige struchtúrtha i leith deiseanna oidhreachta ar fud an chontae. Bonn fianaise faoi chláir, ainmniú áiteanna agus réimsí fócais.</p> <p>✓ Léargais do na daoine a bhfuil cónaí orthu anseo, agus eispéisí speisialta dár gcuid cuairteoirí. Scéalta nua tagtha chun solais, guthanna nua cloiste, dearctaí nua ar ár stair.</p>
<p>1.1.2 Stór acmhainní téacs/íomhá digití a fhorbairt bunaithe ar théamaí an Chreat Léirmhínithe.</p>	
<p>1.1.3 Taighde agus forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh chun ardán a thabhairt do scéalta gan insint, ach tuiscint a léiriú ag an am céanna don iliomad cineálacha oidhreachta agus dearctaí éagsúla atá ann i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.</p>	



1.2

Léarscáiliú spreagúil

Actions		Outcomes
1.2.1	Bunús teangeolaíoch agus stairiúil logainmneacha a thaifeadadh agus a chomhroinnt, lena n-áirítear gnéithe stráide, páirce, tírdhreacha, uisce agus muirdhreacha, agus a chinntíú go mbíonn logainmneacha nua ag teacht leis an gcomhthéacs agus go mbíonn na comharthaí cruinn.	✓ Suntas a chur sa chiall le logainmneacha, logainmneacha nua ag teacht leis an gcomhthéacs. ✓ Acmhainní tionscnaimh agus foghlama atá thíos ar an spriocphobal
1.2.2	Sraith léarscáileanna fionnachtana cruthaitheacha a forbairt, i bhformáid inrochtana dhigiteach/chlöíte, le fócas ar leith ar iompar poiblí, taistéal gníomhach agus dearadh uilíoch. Úsáid a bhaint as teicníci cruthaitheacha tarraingteacha , amhail léaráidí, cluichiú agus StoryMaps bunaithe ar an ngréasán.	

1.3

Forbairt na spriocphobal

Actions		Outcomes
1.3.1	Leanúint ar aghaidh ag cur le cláir bhliantúla na dturas oidhreachta faoi threoir sa gheimhreadh, san earrach agus sa samhradh. Glacadh le háirithintí scoile/grúpa agus na cláir a nascadh le seachtainí/laethanta a bhfuil téama náisiúnta ag baint leo, nuair is cuí.	✓ Cláir oidhreachta inrochtana atá ionchuimsitheach agus a mheallann spriocphobal leathan.
1.3.2	Pleananna Léirmhinithe agus Cumarsáide Theach Mharlaí, Theach Chábán tSíle agus Charraig Mhaighin/Dhíog na Páile (2020) a chur chun feidhme.	
1.3.3	Taighde a dhéanamh ar na spriocphobail atá ann faoi láthair agus tuilleadh clár a forbairt d'fhonn réimse leathan daoine a mhealladh isteach , agus ról na hoidhreachta sa chómhuintearas agus sa phobal a admháil ag an am céanna.	




02 Ár n-áit sa stair

*An chaoi a ndéanaimid cúram de rudaí
a bhfuil tábhacht leo agus an chaoi a
mbainistímid athruithe*

2.1

Láithreacha, foirgnimh agus séadchomharthaí stáiriúla **faoi chosaint agus fáil orthu** i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin

Bearta	Torthaí
2.1.1 Na pleananna caomhnaithe atá ann cheana maidir le hOileáin Dheilginse agus Caisleán Charraig Mhaighin a chur chun feidhme, agus pleananna caomhnaithe a chur chun cinn maidir leis na túir Martello atá faoi úinéireacht Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus reilígí stáiriúla.	 Bonn láidir a chur faoi foirgnimh, láithreacha agus áiteanna stáiriúla ó thaobh cinnteoireachta, bainistíochta agus rochtana de.
2.1.2 Measúnuithe a dhéanamh ar bhail foirgneamh/struchtúr faoi úinéireacht na Comhairle atá ar Thaifead na Struchtúr Cosanta. Clár cothabhála a chur ar bun maidir le gach struchtúr i gcomhréir leis an treoir chuí. Coimeádaíocht, rochtain agus úsáid chuí a chumasú.	 Cosaint agus rochtain níos fearr ar stair ársa na n-ardtailte agus Shléibhte Bhaile Átha Cliath.
2.1.3 Seandálaí pobail a thabhairt isteach chun Conair Sheandálaíochta Shléibhte Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn de réir Phlean Straitéiseach Chompháirtíochta Shléibhte Bhaile Átha Cliath, 2020 - 2025.	



2.2

Aitheantas a thabhairt do ról tábhachtach na hoidhreachta in eispéireas pearsanta daoine ar áit

Bearta	Torthaí
2.2.1 An Léarscáiliú ar Charachtar Stairiúil Tírdhreach Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a nuashonrú agus a leathnú, agus sainaithint a dhéanamh ar iarsmaí ón am atá thart atá infheicthe agus ceangailte i dtírdhreaca comhaimseartha uirbeacha, pearuirbeacha agus tuaithe.	<p> Aitheantas agus léarscáiliú ar an dearadh uirbeach stairiúil, ar thírdhreaca seandálaíochta agus ar bhealaí stairiúla.</p>
2.2.2 Faisnéis oidhreachta a chur san áireamh i ngach plean spásúlachta ionchuí de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin . Deiseanna a aithint go réamhghníomhach chun struchtúir atá ann cheana a athúsáid go hoiriúnaitheach. Leas a bhaint as buntáistí oidhreachta i gceantair nuafhorbartha d'fhoinn cumasú do phobail nua nasc a dhéanamh le doimhneacht a dtírdhreaca ó thaobh ama agus staire de.	<p> Na naisc idir daoine agus áit, an bhraistínt chómhuintearais agus folláine an duine aonair neartaithe.</p>
2.2.3 An staidéar féidearthachta ar thionscadail ar na cosáin stairiúla a léarscáiliú agus tacú leis; maisbhealaí, bealaí arm, ascaillí deartha, siúlóidí caorach agus naisc do choisithe trí an gcreatlach uirbeach, chuig an gcósta agus isteach sna sléibhte.	




03 Grá don am i láthair

*Tuiscint a fháil ar a bhfuil ar leac an dorais againn,
bealaí rochtana a chur ar fáil*

3.1

An earnáil oidhreachta áitiúla a thógáil agus tacú le rannpháirtíocht ghníomhach san oidhreacht

Bearta	Torthaí
3.1.1 Cur le líon na dtionscnamh rannpháirtíochta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin chun rannpháirtíocht ghníomhach san oidhreacht a forbairt (m.sh. séadchomhartha a thógáil faoi chúram, cosán a thógáil faoi chúram, scéimeanna “cairde”).	<p>✓ Earnáil oidhreachta phobail atá gníomhach, tacaithe agus nasctha, a dhéanann obair thábhachtach chun oidhreacht áitiúil a dhoiciméadú agus a cheiliúradh.</p>
3.1.2 Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh faoi stiúir an phobail arb aidhm leo fardail agus léarscáileanna a dhéanamh de ghnéithe oidhreachta sa sráid-dreach agus sa tírdhreach.	
3.1.3 Tacú le gníomhaíocht oidhreachta sa chontae agus í a chur chun cinn trí scéim bhliantúil um dheontais oidhreachta phobail a chur ar fáil, comhairle a thabhairt ar dheiseanna maoinithe náisiúnta agus cumasú d’fhorbairt scileanna, oiliúint, printíseachta agus líonrú ar fud na hearnála oidhreachta.	<p>✓ Bealaí ionchuimsitheacha chun cumasú do dhaoine taitneamh a bhaint as foghlaim faoina n-oidhreacht áitiúil agus páirt a ghlacadh i gcúrsaí oidhreachta.</p>



3.2

Comhoibriú le **taitneamhachtaí do chuairteoirí atá seánbhunaithe** chun spriocphobail áitiúla a chruthú

Bearta	Torthaí
3.2.1 Tacú le Caisleán agus Ionad Oidhreachta Dheilginse agus é a chur chun cinn agus a fhorbairt mar phríomhheispéireas do chuairteoirí sa chontae agus breathnú ar na féidearthachtaí atá ann chun eispéiris satailíte a fhorbairt.	Eispéiris nasctha do chuairteoirí ar fud an chontae, rud lena gcumasófar iniúchadh leanúnach ar an gcaidreamh idir daoine agus áit.
3.2.2 Rannpháirtíocht áitiúil i bpriomhheispéiris oidhreachta do chuairteoirí a chur chun cinn ar fud an chontae, lena n-áirítear an Músaem Muirí Náisiúnta, Túr an tSeoighigh agus Músaem agus Eastát Airfield.	

3.3

Iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí atá ann maidir le **moil nua oidhreachta**

Bearta	Torthaí
3.3.1 Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna chun moil nua oidhreachta a phíolótú trí fhoirgnimh, spásanna agus noid iompair phoiblí a chur in oiriúint d'úsáidí nua. Gan a bheith ag iarraidh barraíocht a dhéanamh ar dtús, ceangailte le riachtanais áitiúla agus curtha in oiriúint dóbh mar chuid de Chomharsanacht 10 Nójead. Breathnú ar na deiseanna le cur leo le himeacht ama	Moil phíolótacha oidhreachta, áit ar féidir le pobail agus cuairteoirí teacht i dteagmháil leis an oidhreacht áitiúil.
3.3.2 Sainaithint a dhéanamh ar bhealaí agus suíomhanna oiriúnacha ar fud an chontae chun Dún Laoghaire-Ráth an Dúin a cheiliúradh mar áit teachta agus imeachta atá ann leis na ciantsa, lena n-áirítear an oidhreacht shuntasach mhuirí agus iompair a bhaineann le Cuan Dhún Laoghaire , i gcomhréir le Plean Bainistíochta Oidhreachta Chuan Dhún Laoghaire, cuanta eile i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus comhthéacs foriomlán Bhithsféar UNESCO Bhá Bhaile Átha Cliath .	



04 Bealaí nua maireachtála

*Dul in oriúint d'fhírinní an 21ú haois agus gníomhú
ar son na haeráide a chur san áireamh*

4.1

Bunachar fianaise a bhunú agus **gníomhartha ar son an athraithe aeráide** a chur san áireamh in oibríochtaí oidhreachta

Bearta	Torthaí
4.1.1 Measúnuithe riosca ó thaobh an athraithe aeráide de a dhéanamh ar oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta atá faoi bhanistíocht Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin chun an bhonnlíne a leagan maidir le suíomhanna oidhreachta atá i mbaol agus chun bonn straitéiseach a chur faoi chothabháil, cobhsaiocht agus cinnteoireacht, agus fianaise ón tionscadal athraithe aeráide agus oidhreachta cósta, CHERISH, a chur sa mheá chomh maith.	<p> Bonnlíne leagtha d'fhoinn maolú an athraithe aeráide agus cinnteoireacht oriúnaitheach a chumasú.</p> <p> Cur chun feidhme Pleananna Oidhreachta, Bithéagsúlachta agus Gníomhaithe ar son na hAeráide comhtháite.</p>
4.1.2 Comhoibriú ar chun chun feidhme Phlean Bithéagsúlachta Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, 2021 – 2025 , Phlean Gníomhaíochta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin um an Athrú Aeráide, 2019 – 2024 (an chuid a bhaineann le réitigh bunaithe ar nádúr go háirithe), agus Straitéis Crann agus Foraoiseachta Uirbí Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, 2022 – 2031 .	
4.1.3 Comhoibriú ar imeachtaí do Sheachtain Bhaile Átha Cliath um Ghníomhú ar son na hAeráide agus a bheith páirteach sa Lónra Oidhreachta Aeráide .	



4.2

Tionscnamh oidhreachta chun tacú le **hathrú dearfach cultúir** agus athléimneacht

Bearta	Tortháí
4.2.1 Cleachtóirí cruthaitheachta/dearaidh a thabhairt isteach i dtionscadail oidhreachta chun tacú le hathrú dearfach cultúir ar bhealaí cruthaitheacha, tarraingteacha.	
4.2.2 Sainaithint a dhéanamh ar dheiseanna a d'fhéadfadh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a thapú faoi chláir Eorpacha atá ag teacht chun cinn m.sh. New European Bauhaus, a dhéanann dearadh, inbhuanaitheacht agus inrochtaineacht a fhí ina chéile le héascaíocht a dhéanamh ar an mbunathrú comhoibríoch, ildisciplíneach ó thaobh sochaí de a bheidh ag teastáil leis an gComhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích.	 Tionscnamh chomhoibríocha, chruthaitheacha atá ar aon dul le haidhmeanna idirnáisiúnta, náisiúnta, áitiúla agus pobail ó thaobh gníomhú ar son na haeráide de.
4.2.3 Leas a bhaint as Mol Eolais na nOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO) le haghaidh uirlisí, acmhainní, taighde, cás-staidéar, oiliúna, imeachtaí agus comhroinnt smaointe, agus a chinntí go mbíonn aschur uile na hOifige Oidhreachta ina chuid den gheilleagar ciorclach .	

4.3

Cur ar chumas pobal rochtain a fháil ar oidhreacht in **áiteanna dlúthá, ceangailte**

Bearta	Tortháí
4.3.1 Sainaithint a dhéanamh ar bhailte agus sráidbhailte a bheadh oiriúnach do chineálacha cur chuige comhoibritheacha i leith caomhnú na timpeallachta tóghtha stairiúla , amhail Tionscnamh na Seiceála Sláinte Comhoibrithí do Láir agus Bailte Stairiúla.	 Rochtain éasca ar oidhreacht nádúrtha agus thóghtha sa cheantar áitiúil, a fhágann go mbíonn daoine nua á mealladh isteach.
4.3.2 Iníúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le tionscnamh oidhreachta atá bunaithe ar tháirgeadh agus sealgaireacht bia áitiúil agus inbhuanaithe, agus úsáidí traidisiúnta chrainn agus plandaí na háite .	



05 Guthanna na háite

Na fuaiméanna ar leith a chloisteáir i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin a cheiliúradh

5.1

Ceiliúradh a dhéanamh ar **fhocail agus ceol** na háite seo agus ar a bhfreámhacha sa tírdhreach agus sa mhuiardhreach, sa bhithéagsúlacht, sa gheo-éagsúlacht agus sa chreatlach uirbeach stairiúil

Bearta	Torthaí
5.1.1 Tógáil ar an traidisiún atá ann i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin chun focal agus áit a fhí ina chéile . Leanúint ar aghaidh ag cur feabhas ar chláir agus ar chonairí atá dírithe ar na scríbhneoirí is mó clú de bhunadh an cheantair, lena n-áirítear Comóradh Céad Bláin Uiliséas in 2022, mar aon le scríbhneoirí eile nach bhfuil an oiread sin clú orthu agus a bhfuil baint láidir acu leis an gceantar a chur i lár an aonaigh.	 Naisc láidre idir focail, ceol agus áit i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.
5.1.2 Tacú le scríbhneoirí comhaimseartha naisc nua a chruthú idir focal agus áit.	
5.1.3 Sainaithint a dhéanamh ar dheiseanna chun ceoltóirí áitiúla mór le rá a cheiliúradh, bealaí chun taitneamh a bhaint as ceol beo i láithreacha oidhreachta, agus amhráin áitiúla na farraige, na mbruachbhailte agus na sléibhte a chaomhnú.	



5.2

Ceiliúradh a dhéanamh ar **na teangacha** a labhraítar sa lá atá inniu ann agus a labhraítí san am atá thart san áit seo, chomh maith leis an mbéaloideas gaolmhar, seanchas na háite agus deiseanna foghlama

Bearta	Torthaí
5.2.1 Tacú le tionscnaimh chun oidhreacht agus úsáid chomhaimseartha na Gaeilge i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin a iniúchadh agus teagmháil ghníomhach a dhéanamh le grúpaí agus eagraíochtaí áitiúla Gaeilge chun an Ghaeilge a fhí isteach i gcur chun feidhme an phlean oidhreachta.	Cláir agus tionscnaimh a ghlacann le héagsúlacht teangacha an chontae, san am atá thart agus san am i láthair.
5.2.2 Raon na dteangacha a labhraítar i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin a chur san áireamh i dtionscnaimh oidhreachta, agus fairsinge na hoidhreachta teangacha sa chontae a admháil.	
5.2.3 Deiseanna a thapú chun focail nó nathanna cainte áitiúla a úsáid i gcláir, ar focail nó nathanna iad atá imithe as caint an lae inniu ach a bhain le ceirdeanna/feirmeoireacht, obair ar muir nó a tháinig ó fhoinsí eile – agus breathnú ar an tionchar a bhí acu sin ar logainmneacha, béaloideas agus seanchas Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.	

5.3

Béaloideas an chontae a thaifeadadh, a choimeád agus a chomhroinnt

Bearta	Torthaí
5.3.1 Clár staire béal a fhorbairt chun guthanna agus cuimhní daoine as Dún Laoghaire-Ráth an Dúin a ghabháil ar fud an cheantair de réir Threoir Líonra Staire Béal na hÉireann.	Cur chuige córasach agus comhoibritheach a ghlacadh maidir le stair bhéil na háite seo a thaifeadadh agus a chomhroinnt.
5.3.2 Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna féideartha chun comhoibriú le Bailliúchán Náisiúnta Béaloidis an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath .	
5.3.3 Teicníci StoryMap, atá bunaithe ar an ngréasán, a úsáid chun stór digiteach staire béal a fhorbairt don chontae.	

06 Ar an taifead

An chaoi a gcoinneoimid súil ar fhaisnéis agus oidhreacht dhoiciméadach agus an chaoi gcinnteoimid rochtain éasca orthu. An chaoi a gcuimhneoimid ar rudaí agus na rudaí a gcuimhneoimid orthu

6.1

Cur chuige cuimsitheach i leith **oidhreacht dhoiciméadach** a chatalógú agus rochtain uirthi a chumasú

Bearta	Tortháí
<p>6.1.1 Acmhainní a chur ar fáil i dtaca le catalógú agus stóráil oidhreacht dhoiciméadach Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (cartlanna, bailliúcháin agus taifid), agus aitheantas a thabhairt do ról tábhachtach na hoidhreachta doiciméadaí sa taighde agus sa stair phoiblí. Rochtain fhisiciúil agus dhigiteach ar an inneachar agus coimeádaíocht a chumasú i gcomhair taispeántas</p>	<p>✓ Rochtain éasca ag an bpobal ar an oidhreacht dhoiciméadach atá faoi chúram Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.</p>
<p>6.1.2 Iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachaí i ndáil le cartlann dhigiteach phobail, i gcomhar le Lónra Cartlann Pobail na hÉireann, agus treoir a thabhairt do chaomhnóirí cartlann phríobháideach.</p>	<p>✓ Tacaíocht do chaomhnóirí na hoidhreachta doiciméadaí pobail.</p>
<p>6.1.3 Íomhánna an athraithe a chur i dtoll a chéile; iniúchadh a dhéanamh ar ról eolaíocht na saoránach / na bainistíochta forbartha san obair chun íomhánna a ghabháil de thírdhreacha a bhíonn ag athrú.</p>	



6.2

Treoir agus cur chuige soiléir maidir le **comóradh** foirmiúil a dhéanamh ar dhaoine agus imeachtaí, agus **cuimhneamh** eiticiúil

Bearta	Torthaí
6.2.1 Iniúchadh a dhéanamh ar raon, ábhar agus cineál na gcuimhneachán cathartha a dhéannan Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.	Cur chuige comhtháite, cothrom le dáta i leith na rudaí a gcuimhnímid orthu agus na caoi a ndéanaimid amhlaidh.
6.2.2 Beartas Cuimhneachán Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a nuashonrú, agus torthaí an iniúchta agus an méid a foghlaimíodh ó Dheich mBliana na gCuimhneachán a chur san áireamh san obair sin.	Tacaíocht do dhaoine atá ag lorg naisc theaghlaigh leis an gcontae.
6.2.3 Tacú le seirbhís ginealaíais áitiúil agus breathnú ar na féidearthachtaí a bheadh ann do thionscnaimh don diaspora maidir le Cuan Dhún Laoghaire.	

6.3

Faisnéis oidhreachta, suirbhéanna agus fardail atá cothrom le dáta agus ar féidir teacht orthu go héasca

Bearta	Torthaí
6.3.1 Ar aon dul le Straitéis Náisiúnta na Sonraí Oscailte (2017-2022), na suirbhéanna agus na fardail oidhreachta geospásula atá ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin cheana a dhigitú agus a chur ar fáil do HeritageMaps agus do Stór Sonraí Oscailte Dublinked.	Faisnéis a bhfuil fáil éasca ag an bpobal uirthi agus a chuireann bonn faoi straitéisí, pleannanna agus cláir Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
6.3.2 Tacú le nuashonrú Thionscadal GIS Seandálaíochta Chontae Bhaile Átha Cliath agus an imleabhair den tsraith Buildings of Ireland a bhaineann le Bruachbhailte agus Contae Bhaile Átha Cliath.	
6.3.3 Iniúchadh Oidhreachta Geolaíche Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chur ar fáil mar leabhar inrochtana agus sainaithint a dhéanamh ar bhealaí eile a d'fhéadfaí iniúchtaí agus suirbhéanna eile a dhéanamh inrochtana do spriocphobal níos mó.	
6.3.4 Suirbhéanna ar ghnéithe tírdhreacha deartha agus gnéithe oidhreachta tógha a bhfuil tábhacht stáiriúil leo i spásanna oscailte agus i bpáirceanna a chur i dtoll a chéile/a nuashonrú.	



07 Tús luath, fiosrach ar feadh an tsaoil

An ghlúin nua a spreagadh, agus iad a choinneáil spreagtha

7.1

Spéis san oidhreacht a spreagadh agus naisc láidre le háit a chothú i measc na n-óg.

Bearta	Torthaí
7.1.1 Comhoibriú le gníomhaireachtaí náisiúnta oidhreachta atá ag plé cheana féin le curaclaim scoile, chomh maith le téamáil chlár oidhreachta Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chur ar aon dul leis na curaclaim Staire, Tíreolaíochta agus OSIE sa bhunscoil, sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach.	Acmhainní agus cláir staire áitiúla atá curtha in oiriúint do dhaoine óga i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.
7.1.2 Scoileanna a nascadh leis an gClár Oidhreachta i Scoileanna agus comhoibriú le hlonad Oideachais na Carraige Duibhe ar shuirbhéanna múinteoirí, soláthar acmhainní le haghaidh oiliúint múinteoirí agus gníomhaíochtaí/turais atá ábhartha agus áitiúil.	
7.1.3 Leathanach do pháistí a chur suas ar láithreán gréasáin na hOifige Oidhreachta.	



7.2

Foghlaim ar feadh an tsaoil a chumasú

Bearta	Torthaí
7.2.1 A chinntiú go mbeidh an pleán á chur chun feidhme ar bhealach atá i gcomhréir leis an gGreat Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht (2021)	✓ Dea-chleachtas agus rannpháirtíocht leanúnach i bhforbairt clár.
7.2.2 A chinntiú go mbíonn na cláir agus na tionscnamh rannpháirtíochta oidhreachta mealltach do gach glúin -- iniúchadh a dhéanamh ar choincheap “an réamhbbhláiste”, i.e. triail a bhaint as rud éigin nua.	✓ Cuireadh chun iniúchadh a dhéanamh ar oidhreachta ar bhealaí éasca, tacáiocht dóibh siúd atá ag lorg eolas níos mionsonraithe..
7.2.3 Comhoibriú chun deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a forbairt i réimse na hoidhreachta agus oiliúint dhigiteach a sholáthar le tacú leo sin.	

7.3

Comhoibriú agus comhroinnt scileanna a chumasú

Actions	Outcomes
7.3.1 Líonra Oidhreachta Contae a chur ar bun, trína bhfíadfar nuacht agus smaointe a chomhroinnt.	✓ Bealaí do dhaoine atá ag tabhairt faoi thionscadail agus gníomhaíochtaí oidhreachta eolas a chomhroinnt, amhail an méid atá foghlamtha acu, na rudaí a oibríonn go maith, agus an chaoi ar féidir le daoine eile a bheith páirteach.
7.3.2 Éascaíocht a dhéanamh ar foghlaím/chomhroinnt scileanna traidisiúnta a bhaineann leis an oidhreachta thíos, mhuirí agus nádúrtha.	
7.3.3 Leas a bhaint as Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta chun tionscadail taighde staire áitiúla atá faoi stiúir an phobail agus tionscadail a fuair Deontas Oidhreachta Pobail ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a thaispeáint.	

Na daoine a rinne a gcion ar son an phlean

Tá buíochas ag dul do gach duine a chuir a gcuid ama, smaointe agus saineolais ar fáil le linn an phróisis rannpháirtíochta ó Eanáir go Meitheamh 2021:

Gabhaimid ár mbuíochas leis na 72 duine a d'fhreastail ar na ceardlanna nó a rinne aighneachtaí ar líne.

Táimid thar a bheith buíoch freisin de na 39 grúpaí agus eagraíochtaí a chuir ionadaithe chuig ceardlanna nó a rinne aighneachtaí ar líne/i scríbhinn, lena n-áirítear:

Craobh Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin de Chumann Airtrítis na hÉireann

Cumann na Staraithe Luamhairesachta

Beckett i gCarraig an tSionnaigh, cuid de Pharóiste na Tulaí, le Cumann Pobail agus Fiontair Cheantar Charraig an tSionnaigh, le tacáiocht ó Chlub Staire Áitiúla Charraig an tSionnaigh

Cumann na Carraige Duibhe

Cumann Caomhnaithe Chuan Bhlöic

Coiste Bailte Slachtmhara Chábán tSíle

Cumann Áitritheoirí Pháirc Clarinda

An Coiste um Chaomhnú agus Cothabháil Eaglais agus Reilig Ársa Chill Inón Léinín

Crann (Tionscadal Easy Treesie)

Comhairle Pobail Dheilginse

Grúpa Staire Dheilginse, Chill Inón Léinín agus Thailte an Mhpasaigh

Grúpa Staire Áitiúla Leabharlann Dheilginse

Bailte Slachtmhara Dheilginse

Cumann Staire Bhuirg Dhún Laoghaire

Cumann Áitritheoirí Dhún Laoghaire Láir

Fóram Comhtháthaithe Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Bailte Slachtmhara Dhún Laoghaire

Cumann Thionscadal Athchóirithe Bhád Tarrthála Dhún Laoghaire

Ealaíona Ilchultúrtha Éigse Laoghaire / an Coiste Comhairleach um Bainistíocht Thearmann Dúlra Bhaile an Bhóthair (An Taisce)

Cumann Chairde Thúr an tSeoighigh

Club Staire Áitiúla Charraig an tSionnaigh

Stigh Lorgan Stairiúil ar Facebook

Coinnigh Éire ar Oscailt

Cumann Staire Áitiúla Chill Mochuda agus Stigh Lorgan

Cumann Áitritheoirí Chill Tiarnáin agus Ghleann na Muc

Foras Muirí na hÉireann

Céantar Slachtmhar Shráidbhaile Bhaile na Manach

Cumann Áitritheoirí Montpelier

Mothertongues

Cumann Sealgaireachta Beacán na hÉireann

Comhairle Náisiúnta na nDall

Músaem Muirí Náisiúnta na hÉireann

Calafoirt, san Am atá thart agus san Am i Láthair

Cosain Páirc Mharláí

Cumann Staire Ráth Michíl

Coiste Cuimhneacháin RMS Leinster

Seanchill ag Gníomhú ar son Domhan Glas

Club Rámhaíochta Mhichíl

Tionscnamh Sráidbhaile Áth an Ghainimh

Buíochas le baill Ghrúpa Stiúrtha an Fhóraim Oidhreachta Contae as an treoir agus comhairle a chur siad ar fáil agus an plean seo a ullmhú.

Baill Ghrúpa Stiúrtha an Fhóraim Oidhreachta Contae, 2021

An Clr. Marie Baker, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Cathaoirleach an Choiste um Beartas Straitéiseach Pobail, Cultúir agus Folláine (Cathaoirleach)

Ruth Barry, Ceann Margaíochta, an Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta

Gerard Bourke, Ailtire Sinsearach, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

An tOllamh Joanna Bruck, Ceann Scoil na Seandálaíochta, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

An Clr. Emma Blain, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Pádraig Clancy, Fáilte Éireann

An Clr. Michael Clarke, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Niamh Collins, Oifigeach Cartlainne agus Oidhreachta, Coimisiúní Soilse na hÉireann

Julie Craig, Oifigeach Caomhnaithe, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Nigel Curtin, Leabharlannaí Staidéar Áitiúil, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Terry Doherty, Éiceolaí Rannóige, an tAonad Measúnaithe Éiceolaíoch, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

Clodagh Duffy, Bainisteoir Áineasa, Coillte/Compháirtíocht Sléibhte Bhaile Átha Cliath

Margaret Dunne, Caisleán agus Ionad Oidhreachta Dheilginse

An Dr. Susan Gibney, Stiúrthóir, Ionad Oideachais na Carraige Duibhe

An Dr. Clare Glanville, Geolaí Sinsearach, Geo-Oidhreacht agus Pleanál, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann

Rebecca Jeffares, An Taisce

An Clr. Tom Kivlehan, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

David Lawless, Oifigeach Turasóireachta, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

An Clr. Hugh Lewis, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

An Clr. Lettie McCarthy, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Louise McGauran, Pleanálaí Sinsearach Feidhmiúcháin, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Helena McGorman, Stiúrthóir Sinsearach Feidhmiúcháin Páirceanna, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Anthony McNamara, Oifigeach Aeráide, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Anne Murray, Oifigeach Bithéagsúlachta, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Síne Nic an Ailí, Conradh na Gaeilge

Siobhán Nic Gaoithín, An Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúir, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

An Clr. Dave Quinn, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Kenneth Redmond, Oifigeach Ealaíon, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Jochen Romstedt, Leas-Uachtaráin, an Músaem Muirí Náisiúnta

Geraldine Stout, an tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí

Ciara Scully, Fáilte Éireann

Georgina Sweetnam, Seirbhísí Cartlainne, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Genevieve Whitfield, Bainisteoir Oidhreachta agus Imeachtaí, Eastát Airfield

Comhordaitheoir an Phlean Oidhreachta: Deirdre Black, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin